

## Dlighidh liaigh leigheas a charad

[Lambert MacKenna, 'Some Irish Bardic poems', *Studies* 38 (1949), 183-88]

Christ Our Saviour

Muircheartach ua Cobhthaigh cc.

1 Dlighidh liaigh leigheas a charad;  
clann Ádhaimh mar do fhóir sé  
liaigh ler shaoileadh ceo na cruinne  
aoibheal bheo na n-uile hé.

2 Clann Ádhuimh ón uair do Leighis  
re liaigh ccarad as cóir súil  
na sé líne ó chiaigh gur ceannchadh  
liaigh fíre gur dearbhadh dúinn.

3 Diultadh a fhleidhe an lá taigrtheár  
tileadh cláir ní cluiche soirbh;  
mairg nach geabh ó a dhíol do dháileamh  
fleadh ríogh 's gan a háireamh oirn.

4 Ní maирг tárraidh teacht an ésga  
airdhe an turaidh ag teacht na dhiaigh;  
do shoillsigh sé a mbroinn a bhuiime  
ré do bhoing don chruinne ciaigh.

5 Síol Ádhaimh ón uair do saoradh  
síoth ortha ní hé do bhris;  
as mó doiligh an díon fine  
oighidh ríogh gan righe ris.

6 Ó rug na hóigh oighre an Dúilimh  
deimhin sgéal do sgaoil ar snaidhm;  
cóir mo ghníomha nír gheall Muire;  
ceann síodha na n-uile a hainm.

7 Téid na sealbhadh ar sén uaire  
d'éis a bháis gin gur bheart ghnáth;  
a rí d'oighidh a mbeirn bhaoghaill  
feidhm doiligh do chaomhain cách.

8 Tar éis oighidh oighre an Dúilimh  
nar ndúthaigh féin filltear sinn;  
go rug sidhe a huaigh le hoirbheart  
fine nach bhfuair oighreacht ind.

9 Beiris mac - fa móide a hóghacht -  
nír fhás gort badh gloine síol;

do geineadh clann a gclí Mhuire  
crann do-ní dá dhuille díon.

10 Fearhain trom ler tráigheadh mh'fhala  
d'fhuil an ochta do fhear sé;  
cioth re mbás do fhear dá fhíonfhuil  
do bhean fhás do dhíoghuil Dé.

11 Guais a fhine an uair do bhreathnuigh  
breith chluiche do chuir a luas;  
go ndearna eol tre fhuil ccíogha  
do chuir a sheol síodha suas.

12 Nír chuir a ccrích cluiche timchill  
san taobh deas go ndearna rian,  
do leig fa a chineadh clár croidhe,  
nír thileadh lán roimhe riamh.

13 Teacht an mheicsin ní mairg tárraidh  
toisg far dearbhadh díoghrais bháidh;  
rí caránta ar an óigh d'oighre  
baránta slóigh coimhdhe cáigh.

14 Gur chuír a ndlús díon a cinidh  
cur na haghaidh nír fhéad sé;  
as bean deighfhir do bháidh biodhbhadh  
do bháidh theinidh diomdhadh Dé.

15 Fás an fheadha do b'fháth faoilte,  
fiadh dan duille díon ar sean,  
ceithre croinn do iomchair t'oighre,  
coilí thiomchail le coimhdhe ar gcean.

16 Gur cheannchais dóibh dúthaigh sheilbhe  
ód shuidhe ríogh rugais léim;  
nár dod chloinn gan diall re dúthaigh  
do bhiadh gan roinn fúthaibh féin.

17 Do aontaigh sé ar son a chinidh  
cead a bháis - nír bheag an toil;  
dul tar bhás t'oighre nar éidear  
do-roighne an grás d'éigean air.

18 Do Mhuire óigh nír fháth fulaing  
féchain thromluit an taoibh dheis;  
lot far n-éigean do-chí ad chroidhe  
gur éigean dí loighe leis.

19 D'fhior mh'fhaladh gér oircheas diultadh

ní dual turbhadh fa theagh n-óil;  
móide as náir mh' éimhgheadh dot oighre  
éinfhleadh gráidh do-roighne róinn.

20 Go guin an taoibh tarla fúthaibh  
fód mearbhaill nar mhothuigh siad;  
ceo na faladh ar fhuil n-Ádhaimh  
gur glanadh d'fhuil t'álaidh iad.

21 Gur fhágaibh féin flaitheas nimhe  
neach eile nír fhuaigh ar sídh;  
bás t'oighre dar ndíon gur dheonaigh  
do-roighne ar ngníomh deoraidh dín.

22 Na ham féin gur fearadh t'fhuilsi  
anfadh tuinne tarla rinn;  
ful t'álaidh fam luing do leathnaigh  
ar thuinn mbádhaigh seachnaidh sinn.

23 Feadh ar mbreith ó bhreathaibh námhad  
do-ní feidhm dob inmheic ríogh,  
dob fhiu an naoidhin dar ainm t'oighir;  
sgaoilidh gach snaidhm doiligh dhíon.

24 Ar fhuil ccroidhe ar ccaomhna a thréada  
a ttriall uadha as adhbhar sgís;  
cóir a mhaoidheamh gur fhéag oirne  
[do] sgaoileadh tréad t'oighre ar-ís.

25 A bhfuilngthear dhí as dearbhadh cumhacht;  
cia an t-aoinfhear nar hainceadh lé?  
fala an chíoghochta as réidh róine,  
ríoghanta an céim óighe hé.

26 Gearr a-rís tar éis ar cceannaigh  
cló mh'ainchean gur aithlíon sinn;  
a bhas re crann dún gér dhathaigh  
clann 's a ccúl re a n-athair inn.

27 Muire ógh an uair do toírrcheadadh  
téid dar ccaomhna - fa céim mór;  
do ghlan nél caille na cruinne  
dér aille na n-uile ógh.

28 Cuisle an taoibh an tráth do bheoghon  
beag don chluiche nar chaill siad  
gur shnoigh dá ghaol comhlaidh ccroidhe;  
nír chobhraigh saor oilé iad.

29 Gur għluais dar ndion do dhruim toile  
tar thuinn mh'fhaladh ní fríoθ áth;  
deacair a rádh nach fear fine  
do lean tre lár ccroidhe cách.

30 Do dhruim toile tug dar ccaomhna  
cead a bháis nír bħronnadh soirbh;  
diongna an ní ler dhearmad díogħil  
do dhearlaig rí a fhionfhuil oirn.

31 Do luach altruim oighre an Dúilimh  
dión na n-uile as éidear lé;  
dul nar seilbh tar chead na córa  
ní beag an feidhm ógha hé.

32 Do għluais sé fa siobhal oirdhreic  
don fhior ghonta as għoire fearg  
d'éis a chneadh d'adhnadh ar heighir  
fa theagh bhfagħadha beiridh beadhg.

33 Gur réidhigh rinn do rún croidhe  
cosmhail re sluagh sinn gan bhun;  
má fríoθ siodh na fhuil ót oighre  
fa fhuil ríogh ní doiligh dul.

34 Muire ógh - cá hairde cumhacht? -  
le caomhna a gaoil do għabb sin;  
iongnadħi lé ó a leanabh cígħe  
dá mbeanadh sé dhínne a ndligh. Dl.